Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Aibreán 2016**
**(OR. en)**

**7178/16**

**POLGEN 21**
**CODEC 323**
**PE 37**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Téarmaí atá le húsáid i gcláir oibre Coreper (Cuid I agus Cuid II) |

**IARSCRÍBHINN I**

# TÉARMAÍ ATÁ LE HÚSÁID I GCLÁIR OIBRE COREPER (CUID I AGUS CUID II)

## A. GNÍOMHARTHA REACHTACHA FAOIN NGNÁTHNÓS IMEACHTA REACHTACH

Ba cheart an téarmaíocht chaighdeánach a leagtar amach ina dhiaidh seo a úsáid agus gníomhartha reachtacha á bplé agus á nglacadh ag Coreper faoin ngnáthnós imeachta reachtach.

Mar sin féin, má bhaineann mír ar chlár oibre Coreper le cruinniú sonrach de chuid na Comhairle agus le míreanna I/A, ba cheart na téarmaí a úsáideadh do chlár oibre an chruinnithe sin den Chomhairle a úsáid freisin do chlár oibre Coreper.

### a. An chéad léamh

i. Sula ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa vótáil i suí iomlánach ar an gcéad léamh, agus ina dhiaidh sin

- staid na himeartha agus treoir maidir le hobair bhreise

  *(má tá treoir de dhíth ar an Meitheal)*

- cur chuige ginearálta a ullmhú[1]
- sainordú le haghaidh caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa

[1] In imthosca speisialta, go háirithe imthosca atá ceangailte le deireadh téarma pharlaimintigh de chuid Pharlaimint na hEorpa, féadfar an téarma seo a úsáid i ndiaidh do Pharlaimint na hEorpa vótáil i suí iomlánach i gcás inar mian leis an gComhairle teacht ar réamh-chomhaontú maidir le téacs d'fhonn caibidlíocht a dhéanamh le Parlaimint na hEorpa.

- cuntas ón Uachtaránacht maidir le toradh an chruinnithe thríthaobhaigh
- an (chéad) c(h)ruinniú tríthaobhach (eile) a ullmhú
- faisnéis ón Uachtaránacht (faoi "aon ghnó eile")
- anailís ar an téacs comhréitigh críochnaitheach d'fhonn teacht ar chomhaontú
- dearbhú ar an téacs comhréitigh críochnaitheach d'fhonn teacht ar chomhaontú

ii. <u>I ndiaidh do Pharlaimint na hEorpa vótáil i suí iomlánach ar an gcéad léamh, agus ina dhiaidh sin amháin</u>

- comhaontú polaitiúil a ullmhú
- glacadh an ghnímh reachtaigh a ullmhú

*(má thángthas ar chomhaontú ar an gcéad léamh)*

- ullmhú do ghlacadh
  - o sheasamh na Comhairle ar an gcéad léamh
  - o an ráitis ar chúiseanna na Comhairle

*(murar thángthas ar chomhaontú ar an gcéad léamh)*

**b. <u>An dara léamh</u>**

i. Sula ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa vótáil i suí iomlánach ar an dara léamh

- staid na himeartha agus treoir maidir le hobair bhreise
- faisnéis ón Uachtaránacht (faoi "aon ghnó eile")

- cuntas ón Uachtaránacht maidir le toradh an chruinnithe thríthaobhaigh
- an (chéad) c(h)ruinniú tríthaobhach (eile) a ullmhú
- anailís ar an téacs comhréitigh críochnaitheach d'fhonn teacht ar chomhaontú
- dearbhú ar an téacs comhréitigh críochnaitheach d'fhonn teacht ar chomhaontú

ii. <u>I ndiaidh do Pharlaimint na hEorpa vótáil i suí iomlánach ar an dara léamh</u>

- an teorainn ama a fhadú
- formheas leasú/leasuithe Pharlaimint na hEorpa a ullmhú
- neamh-fhormheas leasú/leasuithe Pharlaimint na hEorpa a ullmhú

**c. <u>An tríú léamh</u>**

- ullmhú don chruinniú tríthaobhach
- cuntas ón Uachtaránacht maidir le toradh an chruinnithe thríthaobhaigh
- ullmhú don idir-réiteach
- faisnéis ón Uachtaránacht (faoi "aon ghnó eile")

(lena n-áirítear faisnéis maidir le toradh an chruinnithe thríthaobhaigh)

- an teorainn ama a fhadú
- glacadh an ghnímh reachtaigh a ullmhú

## B. GNÍOMHARTHA REACHTACHA FAOI NÓS IMEACHTA REACHTACH SPEISIALTA NUAIR A THÉITEAR I GCOMHAIRLE LE PARLAIMINT NA HEORPA

I gcás gníomhartha reachtacha a ghlactar faoi nós imeachta reachtach speisialta, ba cheart na téarmaí céanna a úsáid le haghaidh céimeanna den chineál céanna sa nós imeachta:

- staid na himeartha agus treoir maidir le hobair bhreise

  *(má tá treoir de dhíth ar an Meitheal)*

- cur chuige ginearálta a ullmhú

  *(seasamh maidir le téacs nó maidir le cuid de théacs sula mbeidh na réamhriachtanais nós imeachta uile roimh an vótáil á gcomhlíonadh)*

- comhaontú polaitiúil a ullmhú

  *(seasamh críochnaitheach maidir le téacs, faoi réir bailchríoch a chur air ag na dlítheangeolaithe)*

- glacadh an ghnímh reachtaigh a ullmhú

## C. GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS NEAMHREACHTACHA A MBÍONN GÁ LE TOILIÚ PHARLAIMINT NA HEORPA MAIDIR LEO

I gcás gníomhartha a mbíonn gá le toiliú Pharlaimint na hEorpa maidir leo, ba cheart na téarmaí céanna a úsáid le haghaidh céimeanna den chineál céanna sa nós imeachta:

staid na himeartha agus treoir maidir le hobair bhreise

*(má tá treoir de dhíth ar an Meitheal)*

- cur chuige ginearálta á ullmhú

*(réamh-chomhaontú maidir le téacs, go dtí go n-iarrfaidh an Chomhairle toiliú Pharlaimint na hEorpa[2])*

- comhaontú i bprionsabal

*(fíorú, tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh, go bhfuil sé beartaithe gníomh a ghlacadh má fhaightear toiliú Pharlaimint na hEorpa)*

- iarraidh ar thoiliú Pharlaimint na hEorpa a ullmhú

*(cinneadh ón gComhairle toiliú Pharlaimint na hEorpa a lorg)*

D'fhéadfaí an comhaontú i bprionsabal agus an iarraidh ar thoiliú Pharlaimint na hEorpa a chónascadh i gcás ina mbeifí ag déileáil go comhuaineach leis an bhfíorú ar é a bheith beartaithe gníomh a ghlacadh má fhaightear toiliú agus leis an gcinneadh maidir leis an toiliú sin a lorg. Mar sin féin, caithfidh an Chomhairle an cinneadh sin maidir leis an iarraidh ar thoiliú a ghlacadh

- glacadh an ghnímh a ullmhú

*(glacadh críochnaitheach an ghnímh ag an gComhairle tar éis toiliú Pharlaimint na hEorpa a fháil)*

---

[2] Beartaítear leis an tásc sin cásanna a chumhdach ina mbeartaítear an réamh-chomhaontú a úsáid le seiceáil ar bhealach neamhfhoirmiúil an dtabharfadh Parlaimint na hEorpa a toiliú, sula n-iarrfaí go foirmiúil é.

IARSCRÍBHINN II

## TÉARMAÍ ATÁ LE hÚSÁID I gCLÁIR OIBRE NA COMHAIRLE

## A. GNÍOMHARTHA REACHTACHA FAOIN NGNÁTHNÓS IMEACHTA REACHTACH

Ba cheart an téarmaíocht chaighdeánach seo a leanas a úsáid agus gníomhartha reachtacha á bplé agus á nglacadh ag an gComhairle faoin ngnáthnós imeachta reachtach.:

**a. An chéad léamh**

i. Sula ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa vótáil i suí iomlánach ar an gcéad léamh, agus ina dhiaidh sin

- díospóireacht bheartais/tuarascáil ar dhul chun cinn

  *(aon phlé a dhéantar ar leibhéal na Comhairle nach mbíonn comhaireamh vótaí i gceist leis)*

- cur chuige ginearálta[3]

  *(réamh-chomhaontú maidir le téacs. Déanann an téarma "cur chuige ginearálta páirteach" cur síos ar chásanna nach féidir teacht ar chomhaontú maidir leis an téacs ina iomláine)*

[3] In imthosca speisialta, go háirithe imthosca atá ceangailte le deireadh téarma pharlaimintigh de chuid Pharlaimint na hEorpa, féadfar an téarma seo a úsáid i ndiaidhdo Pharlaimint na hEorpa vótáil i suí iomlánach i gcás inar mian leis an gComhairle teacht ar réamh-chomhaontú maidir le téacs d'fhonn caibidlíocht a dhéanamh le Parlaimint na hEorpa.
Sna cásanna sin, caithfear fonóta a bheith i gclár oibre na Comhairle i ndiiadh an lipéid "Cur chuige ginearálta" agus an fhoclaíocht seo a leanas ann: *"Agus cur chuige ginearálta á ghlacadh tar éis do Pharlaimint na hEorpa a seasamh a ghlacadh ar an gcéad léamh, níl an Chomhairle ag gníomhú de réir bhrí Airteagal 294(4) agus (5) CFAE."*

- faisnéis ón Uachtaránacht (faoi "aon ghnó eile")

*(i gcás inar mian leis an Uachtaránacht staid na himeartha a chur in iúl nó a fhógairt gur thángthas go sealadach ar chomhaontú ar an gcéad léamh le Parlaimint na hEorpa i gcruinniú tríthaobhach)*

ii. <u>I ndiaidh do Pharlaimint na hEorpa vótáil i suí iomlánach ar an gcéad léamh, agus ina dhiaidh sin amháin</u>

- comhaontú polaitiúil

*(i gcás ina bhfuil seasamh cinntitheach maidir le téacs le comhaontú, ag feitheamh ar athbhreithniú dlítheangeolaíoch)*

- seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh agus ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh

*(maidir le téacs a ghlacadh, tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh)*

- glacadh an ghnímh reachtaigh

*(maidir le téacs reachtach a eascraíonn as comhaontú ar an gcéad léamh a ghlacadh go críochnaitheach)*

b. **<u>An dara léamh</u>**

i. Sula ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa vótáil i suí iomlánach ar an dara léamh

- faisnéis ón Uachtaránacht (faoi "aon ghnó eile")

  *(aon fhaisnéis ar leibhéal na Comhairle, lena n-áirítear chun a fhógairt, más mian leis an Uachtaránacht sin a dhéanamh, gur thángthas go sealadach ar chomhaontú ar an dara léamh le Parlaimint na hEorpa i gcruinniú tríthaobhach)*

- tuarascáil ar dhul chun cinn/díospóireacht bheartais

ii. <u>I ndiaidh do Pharlaimint na hEorpa vótáil i suí iomlánach ar an dara léamh, agus ina dhiaidh sin amháin</u>

- formheas leasú/leasuithe Pharlaimint na hEorpa

- neamh-fhormheas leasú/leasuithe Pharlaimint na hEorpa

c. **<u>An tríú léamh</u>**

- glacadh an ghnímh reachtaigh.

## B. GNÍOMHARTHA REACHTACHA FAOI NÓS IMEACHTA REACHTACH SPEISIALTA

I gcás gníomhartha reachtacha a ghlactar faoi nós imeachta reachtach speisialta, ba cheart na téarmaí céanna a úsáid le haghaidh céimeanna den chineál céanna sa nós imeachta:

- Cur cur chuige ginearálta

  *(seasamh maidir le téacs nó maidir le cuid de théacs sula mbeidh na réamhriachtanais nós imeachta uile roimh vótáil á gcomhlíonadh)*

- comhaontú polaitiúil

  *(seasamh críochnaitheach maidir le téacs, faoi réir bailchríoch a chur air ag na dlítheangeolaithe[4])*

## C. GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS NEAMHREACHTACHA A MBÍONN GÁ LE TOILIÚ PHARLAIMINT NA HEORPA MAIDIR LEO

I gcás gníomhartha a mbíonn gá le toiliú Pharlaimint na hEorpa maidir leo, ba cheart na téarmaí céanna a úsáid le haghaidh cinntí den chineál céanna:

- Cur cur chuige ginearálta

  (*réamh-chomhaontú maidir le téacs, go dtí go n-iarrfaidh an Chomhairle toiliú Pharlaimint na hEorpa agus faoi réir bailchríoch a chur air ag na dlítheangeolaithe*)[5]

---

[4] Ní fhéadfaidh an tásc sin a bheith ann ach má thagann réiltín (*) ar lorg theideal na míre atá faoi chaibidil. Sa chás sin, ní bheidh sa vóta, i bprionsabal, ach tásc.

[5] Beartaítear leis an tásc sin cásanna a chumhdach ina mbeartaítear an réamh-chomhaontú a úsáid lena sheiceáil ar bhealach neamhfhoirmiúil an dtabharfadh Parlaimint na hEorpa a toiliú, sula n-iarrfaí go foirmiúil é.

- comhaontú i bprionsabal

*(fíorú, tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh, go bhfuil sé beartaithe gníomh a ghlacadh má fhaightear toiliú Pharlaimint na hEorpa)*

- iarraidh ar thoiliú Pharlaimint na hEorpa

*(cinneadh maidir le toiliú Pharlaimint na hEorpa a lorg)*

D'fhéadfaí an comhaontú i bprionsabal agus an iarraidh ar thoiliú Pharlaimint na hEorpa a chónascadh i gcás ina mbeifí ag déileáil go comhuaineach leis an bhfíorú ar é a bheith beartaithe gníomh a ghlacadh má fhaightear toiliú agus leis an gcinneadh maidir leis an toiliú sin a lorg.

- glacadh

*(glacadh críochnaitheach an ghnímh i ndiaidh don Chomhairletoiliú Pharlaimint na hEorpa a fháil)*